

Bainisteoir Tionscnaimh

Forbairt an tSean Ospidéal, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí

I gcomhar le páirtneírí eile Stáit agus Pobail, tá Údarás na Gaeltachta chun plan forbartha agus infheistíochta a réiteach maidir le hathfhorbairt an tSean Ospidéal i nDaingean Uí Chúis, Contae Chiarraí. Mar chuid d'fheidhmiú an phlean, beidh forbairt le déanamh ar spás, áiseanna agus infreastructhúir i dtaca le forbairt gnó agus fiontraíochta agus chun áiseanna agus seirbhísí turasóireachta, oiliúna, ealaíona agus forbartha pobail a fhorbairt agus a chur ar fáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

Tá iarrataisí á lorg anois ó dhaoine fonnmhara, dúthachtacha, féin-spreagtha leis na cáilíochtaí, cumas agus an taithí oiriúnacha maidir le post ar chonradh atá á thairiscint mar Bhainisteoir Tionscnaimh a bheidh i gceannas ar réiteach na stráitéise pleanála seo.

Ról:

Beidh an Bainisteoir Tionscnaimh freagrach go díreach don Rannóg Taighde agus Forbairt Earnála agus thar a cheann, do Ghrúpa Stiúró Fheidhmitheoireacht an Phlean Forbartha, Mórtas Pobail (DAC). Beidh sé de chúram ar an mBainisteoir an próiseas uilig a bhaineann le réiteach an phlean forbartha a chomhordú agus a riaradh agus dul i gcomhar leis na geallshealbhóirí cuí, idir ranna Stáit, eagrais pobail agus gnóthaí príobháideacha. Mar chuid den bpróiseas seo, beidh bainistiú le déanamh ar fhoireann chomhairleoireachta chomh maith agus bunús an phlean infheistíochta á réiteach.

Scála Pá: €40,000 - €45,000 ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí

Faid: Conradh téarma seasta bliana (beidh na gnáth-rialacha promhaidh i gceist)

Riachtanaisí:

- Céim ábharach ar Leibhéal a 8 (céad onóracha / dara onóracha) nó a leithéid chéanna de cháilíocht phroifisiúnta (cáilíocht ábharach iar-chéime inmhianaithe) i réimse na hinnealtóireachta, pleanála nó bainistiú tograí, in earnáil na forbartha gnó nó in earnáil ghaolmhar
- 5 bliana ar a laghad de thaithí ábharach iar-chéime
- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Eolas agus taithí chuí ar bhainistiú tograí, i réiteach agus i gcur i bhfeidhm pleananna forbartha agus stair de rathúlacht léirithe sna cúraimí céanna.
- Taithí ar chomh-oibriú agus ar ghréasánú le hearnáil na forbartha pobail agus le forbairt áitiúil, le hearnáil na ngníomhaireachtaí poiblí, agus le hearnáil an Rialtais Áitiúil.
- Eolas ar na creatlacha straitéise ar leibhéal polasaithe forbartha áitiúla, forbartha réigiúnaigh agus forbartha geileagracha.

- Cur amach ar chláiracha maoinithe de chuid an Stáit agus de chuid An Aontais Eorpaigh, agus taithí ar mhaoiniú a aimsiú ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Taithí bainistíochta agus ar chomhordnóireacht a dhéanamh i dtimpeallacht chasta il-eagraíochtach
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, comhordaithe, ríomhaireachta agus riaracháin
- Láncheadúnas tiomána glan

Breis sonraí faoin bpost ar fáil ón Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe nó ar ríomhphost chuig foluntais@udaras.ie.

Seol iarratas, mar aon le do CV, roimh 4.00 i.n. ar an Aoine 31ú Bealtaine chuig an teangmháil thuas.

*Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge
a theanga oibre.*

